Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11490/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0178 (NLE)**

**ENV 902**
**PECHE 281**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 333 - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht, ag na chéad trí chruinniú eile den Choimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, lena n-áirítear cruinnithe idirsheisiúnacha gaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 333 - Annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 333 - Annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2026
COM(2026) 333 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht, ag na chéad trí chruinniú eile den Choimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, lena n-áirítear cruinnithe idirsheisiúnacha gaolmhara**

**Iarscríbhinn**

1. Is é cuspóir uileghabhálach an Aontais Eorpaigh maidir leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra ('IWC') creat rialála idirnáisiúnta éifeachtach a áirithiú chun míolta móra a chaomhnú agus a bhainistiú, lena ráthófar feabhas mór ar stádas caomhantais míolta móra agus céiticeach eile agus lena dtabharfar na hoibríochtaí míolta móra uile faoi rialú IWC.

2. Ag na chéad trí chruinniú dhébhliantúla eile a bheidh aige agus ag aon chruinniú idirsheisiúnach gaolmhar ó ghlacadh an tseasaimh reatha, glacfaidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, an seasamh seo a leanas maidir le tograí le haghaidh leasuithe ar Sceideal an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (ICRW) agus maidir le Rúin agus Cinntí IWC:

   (a) féachaint le gach oibríocht seilge míolta móra a thabhairt faoi rialú IWC;

   (b) tacú le cothabháil agus cur chun feidhme iomlán an mhoratóra ar sheilg thráchtála míolta móra sa Sceideal, agus le bearta comhlántacha a ghlacadh chun comhlíonadh an mhoratóra sin ag Baill IWC a chur chun cinn, lena n-áirítear forálacha náisiúnta lena dtoirmisctear ar oibreoirí faoina ndlínse páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí tráchtála seilge míolta móra, tacú leo nó iad a mhaoiniú;

   (c) cur i gcoinne aon togra le haghaidh cineálacha nua seilge míolta móra nach bhfuil beartaithe in ICRW, a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den mhoratóir agus/nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le bagairtí ar stoic míolta móra;

   (d) tacú le tograí arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le seilg míolta móra lasmuigh de rialú IWC agus iad a chur chun cinn, lena n-áirítear seilg taighde eolaíoch míolta móra nach dtugtar fúithi i gcomhréir le hAirteagal VIII, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go ndéanfar an taighde eolaíoch uile i gcomhréir le ICRW, leis an Sceideal a ghabhann leis agus lena fhorálacha maidir le Cead Speisialta;

   (e) tacú le tograí arb é is aidhm dóibh taighde eolaíoch neamh-mharfach a chur chun cinn agus próiseas athbhreithnithe IWC maidir le seilg míolta móra faoi Chead Speisialta a dhéanamh éifeachtach agus trédhearcach, i gcomhréir le rialú na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (Seilg Míolta Móra san Antartach, an Astráil v an tSeapáin: Idiragairt na Nua-Shéalainne, Breithiúnas an 31 Márta 2014), agus cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm iomlán Rúin ábhartha IWC a chur chun cinn;

   (f) tacú le tograí chun seilg leorchothaitheach bhundúchasach míolta móra a bhainistiú, i gcomhréir le ICRW agus an Sceideal a ghabhann leis a dhéanann na nithe seo a leanas:

      (i) a áirithiú nach gcuirfear caomhnú an stoic ábhartha i mbaol, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar an gcomhairle ón gCoiste Eolaíoch;

      (ii) a áirithiú go ndéanfar oibríochtaí seilge míolta móra a rialáil i gceart agus go leanfaidh gabhálacha de bheith inbhuanaithe laistigh de raon feidhme na riachtanas leorchothaitheach le haghaidh úsáid áitiúil;

(iii) a áirithiú go mbeidh modhanna maraithe míolta móra chomh daonnúil agus is féidir i gcomhréir le rialacha IWC, agus le treoraíocht agus dea-chleachtais a d'fhorbair Meitheal IWC maidir le Modhanna Maraithe Míolta Móra agus Saincheisteanna Leasa;

(iv) riachtanais na bPobal Dúchasach a chur san áireamh agus é á aithint an tráth céanna gur speicis imirceacha iad míolta móra agus, dá bhrí sin, go ndéanann siad imirce chuig Stáit raoin eile ina bhféadfadh tábhacht shocheacnamaíoch agus chultúrtha a bheith ag baint leo freisin;

(g) tacú leis na tograí uile maidir le tearmainn míolta móra a chruthú i gcomhréir le rialacha IWC;

(h) tacú le hiarrachtaí agus tionscnaimh chun ról IWC a fhorbairt a thuilleadh maidir le caomhnú céiticeach agus a ngnáthóg a chur chun cinn, trí thuiscint níos fearr a fháil ar ról na gcéiticeach - go háirithe míolta móra, ach céiticigh bheaga freisin - agus an ról sin a chaomhnú mar phríomh-chomhpháirteanna d'éiceachórais shláintiúla, an fheidhm ríthábhachtach atá acu maidir le ceapadh carbóin, an timthriall cothaitheach, agus rialú na haeráide, agus feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhar idir IWC agus eagraíochtaí eile chun an córas domhanda ar mhaithe le caomhnú céiticeach a neartú;

(i) tacú le creataí agus uirlisí neamh-mharfacha IWC maidir le hidirghníomhaíocht idir daoine agus céiticigh a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme ina n-iomláine (e.g., Uirlis Measúnaithe Leasa Míolta Móra, na Tionscnaimh maidir le Sáinniú agus Fostú, agus treoir IWC maidir le breathnú míolta móra, tuairteáil in aghaidh soithí a sheachaint agus maolú torainn) i gcomhréir le hardchaighdeáin leasa, chun fothú acmhainneachta, tuairisciú ar theagmhais agus comhar ilpháirtithe leasmhara a fheabhsú;

(j) tacú le tionscnaimh arb é is aidhm dóibh tuiscint a fháil ar na bagairtí sláinte agus leasa atá os comhair céiticeach agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ag na bagairtí sin, chomh maith le tograí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar chaighdeáin leasa;

(k) tacú le tograí chun rialachas IWC a fheabhsú, i gcomhréir le dea-chleachtais i gcomhaontuithe iltaobhacha eile agus ina gcomhlachtaí rialaithe, lena n-áirítear sásraí chun trédhearcacht, cuntasacht, comhlíonadh agus forfheidhmiú méadaithe a áirithiú, agus ar an gcaoi sin dlisteanacht IWC agus sláine a phróisis cinnteoireachta a threisiú agus úsáid níos éifeachtúla acmhainní a chur chun cinn;

(l) tacú le tograí arb é is aidhm dóibh trédhearcacht na scéime cúnaimh a chomhdhlúthú chun cumas na rialtas a neartú ar bhealaí teoranta chun páirt a ghlacadh in obair IWC (e.g. an Ciste um Chúnamh Deonach agus bearta tacaíochta comhchosúla), agus trédhearcacht á hiarraidh an tráth céanna ar na deontóirí sin lena maoinítear go díreach rannpháirtíocht toscairí ó thíortha lasmuigh den scéim cúnaimh;

(m) tacú le tograí lena neartaítear an t-idirphlé agus an comhar leis an tsochaí shibhialta agus lena rannchuidítear a thuilleadh le feabhas a chur ar rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta in obair IWC ar gach leibhéal, i gcomhréir le cleachtais choiteanna i gcomhaontuithe iltaobhacha eile.